
Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 1

Má fheiceann tú ábhar mídhleathach agus ba mhaith leat é a thuairisciú ar aip TikTok, **brúigh agus coinnigh ar an ábhar**, nó brúigh ar an gcnaipe **Comhroinn** atá ar thaobh na láimhe deise den scáileán chun roghchlár beag a aimsiú – tá seans ann go mbeidh éagsúlacht ann ag brath ar an gcineál gutháin atá agat (Android/iPhone).

Nuair a osclaíonn an roghchlár, cliceáil ar an mbratach leis an teideal **Tuairiscigh**.





**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar TikTok a thuiscint ó mhí na Samhna 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar TikTok athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

2

Ansin, beidh ort cúis a roghnú do do thuairisc. Roghnaigh **Tuairiscigh ábhar mídhleathach**. Muna bhfeiceann tú ar dtús é, scrollaigh síos chun na roghanna ar fad a fheiceáil.



Coimisiún na Meán


# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 3

Ansin feicfidh tú roghchlár de chatagóirí a léiríonn cineálacha éagsúla ábhair a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach.

**Is féidir leat cibé cúis is mó a bhaineann leis an ábhar ar mhaith leat a thuairisciú a roghnú**, nó muna bhfuil tú cinnte, **is féidir leat ábhar mídhleathach eile a roghnú**.

Bunaithe ar do rogha, seans go mbeidh ort roghanna eile a dhéanamh sula mbaineann tú an fhoirm thuairiscithe amach.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

4

Ar an bhfoirm, beidh ort na codanna leis an réiltín dearg (*) a chríochnú leis an eolas ar fad atá agat sula gcuireann tú an fhoirm isteach.

Tá sé cabhrach sonraí a thabhairt ar an dlí a mheasann tú go mbriseann an t-ábhar (má tá sé ar eolas agat), ach tá sé seo roghnach.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 5

Tar éis duit Cuir Isteach a bhrú, gheobhaidh tú freagra uathoibrithe ag dearbhú go bhfuil do thuairisc curtha isteach.

Ag an bpointe seo, seans go bhfaighidh tú eolas faoi ghníomhartha eile is féidir a dhéanamh agus tú ag fanacht le cinneadh do thuairisce.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 6

Tar éis athbhreithniú TikTok ar do thuairisc, gheobhaidh tú toradh do thuairisce agus an gníomh a rinne siad i dtaca leis an tuairisc, chomh maith leis an seans an cinneadh seo a achomarc. Ag brath ar an toradh, seans go gcinnfear nach mbeidh aon ghníomh eile ag teastáil, nó b'fhéidir go gcinnfear go bhfuil sé oiriúnach an t-ábhar a bhaint nó a shrianadh.

De ghnáth, is féidir sonraí faoi do thuairisc and an toradh a aimsiú san fhillteán **Fógraí Córais** atá le fáil sa **bhosca isteach TikTok**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

1

Má fheiceann tú ábhar díobhálach, nó ábhar a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar Threoirlínte Pobail nó ar Théarmaí agus Coinníollacha aip TikTok agus ba mhaith leat é a thuairisciú, **brúigh agus coinnigh ar an ábhar**, nó brúigh ar an gcnaipe **Comhroinn** atá ar thaobh na láimhe deise den scáileán - tá seans ann go mbeidh éagsúlacht ann ag brath ar an gcineál gutháin atá agat (Android/iphone).

Nuair a osclaíonn an roghchlár, cliceáil ar an mbratach leis an teideal **Tuairiscigh**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 2

Beidh liosta le feiceáil agus beidh ort cinneadh a dhéanamh faoin gcatagóir faoina dtagann an t-ábhar.

**Is féidir leat cibé cúis is mó a bhaineann leis an ábhar ar mhaith leat a thuairisciú a roghnú**, nó muna bhfuil tú cinnte, brúigh ar **eile**.





Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

3

Bunaithe ar an gcatagóir a roghnaíonntú,d'fhéadfadh go mbeadh roghanna breise ann, amhail na cinn seo sula sroicheann tú an leathanach cur isteach.








Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

4

Ag brath ar chúis do thuairisce, tá seans ann go bhfaighidh tú achoimre ar Threoirlínte Pobail TikTok nó seans go n-iarrfar ort níos mó chomhthéacs a thabhairt, sula mbrúnn tú ar **Cuir Isteach**.




5

Nuair a chuireann tú do thuairisc isteach, gheobhaidh tú fógra uathoibrithe chun a dhearbhú go bhfuil do thuairisc curtha isteach.


Beidh roinnt eolais eile ann faoi cad is féidir a dhéanamh nuair atá tú ag fanacht le cinneadh do thuarisice.

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

## 6

Tar éis athbhreithniú TikTok ar do thuairisc, gheobhaidh tú toradh do thuairisce agus an gníomh a rinne siad i dtaca leis an tuairisc, chomh maith leis an rogha an cinneadh a achomarc.

Ag brath ar an toradh, seans go gcinnfear nach mbeidh aon ghníomh eile ag teastáil, nó b'fhéidir go gcinnfear go bhfuil sé oiriúnach an t-ábhar a bhaint nó a shrianadh.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bhFíseáin ar an Aip TikTok

7

De ghnáth, is féidir sonraí faoi do thuairisc and an toradh a aimsiú san fhillteán **Fógraí Córais** atá le fáil sa **bhosca isteach TikTok**.



Coimisiún na Meán

# Naisc Chuig Acmhainní Breise

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar TikTok a thuiscint ó mhí na Samhna 2025. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar TikTok athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

## Tacaíochtaí ó TikTok

- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chaighdeáin phobail TikTok, agus chun tuiscint a fháil ar cad is féidir nó nach féidir a thuairisciú ar a n-ardán, tabhair cuairt ar **www.tiktok.com/community-guidelines/en/fyf-standards**
- Tá faisnéis ag TikTok freisin faoi ábhar mídhleathach **www.tiktok.com/legal/page/global/reporting-illegal-content/en**
- Soláthraíonn TikTok roinnt faisnéise breise d'úsáideoirí atá ag iarraidh ábhar díobhálach agus mídhleathach a thuairisciú trí bhrabhsálaí gréasáin.

## Acmhainní Choimisiún na Meán

- Le haghaidh tábla cabhrach dlíthe in Éirinn, tabhair cuairt ar **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is-abhar-midhleathach-ann**
- Féach ár dtreoracha agus ár n-acmhainní eile ag **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni**